Gaillimh, Éire, 16 Meitheamh 2006

ACHAINÍ CHUIG UNESCO AGUS CHUIG BALLSTÁIT NA NÁISIÚN AONTAITHE I DTACA LE COINBHINSIÚN IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE HÉAGSÚLACHT TEANGA

Ó rannpháirtithe

An 10ú Comhdháil Idirnáisiúnta AIDL/IALL ar Theanga agus Dlí 2006 i nGaillimh (Meitheamh 2006)

An 20 Deireadh Fómhair 2005, ghlac UNESCO le *Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le hÉagsúlacht Chultúir*, An Coinbhinsiún um Chosaint agus Cur Chun Cinn na hÉagsúlachta i Léiriú Cultúir.

Creideann rannpháirtithe Chomhdháil Idirnáisiúnta na Gaillimhe 2006 ar Theanga agus Dlí agus 10ú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid Acadamh Idirnáisiúnta an Dlí Teanga (Gaillimh, 14-16 Meitheamh 2006) go bhfuil sé in am anois ag UNESCO agus ag Ballstáit Eagraíocht na Náisiún Aontaithe tús a chur le dianchainteanna chun Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le hÉagsúlacht Teanga a chur ar bun. Cheana féin, tá neart ionstraimí agus doiciméid idirnáisiúnta dlí ann a bhaineann le cearta teanga cosúil leis an Dearbhú Uilíoch um Chearta an Duine (1948), an Coinbhinsiún in aghaidh an Idirdhealaithe san Oideachas (1960), an Cúnant Idirnáisiúnta um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (1966), an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (1989), an Dearbhú um Chearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Reiligiúnacha agus Theanga, Náisiúnta nó Eitneacha (1992), an Creatchoinbhinsiún um Mionlaigh Náisiúnta (1995), Moltaí na Háige i leith Cearta Oideachais do Mhionlaigh Náisiúnta (1996), Moltaí Osló i leith Cearta Teanga do Mhionlaigh Náisiúnta (1998), Moltaí Lund ar Rannpháirtíocht Éifeachtach na Mionlach Náisiúnta sa Saol Poiblí (1999), an Dearbhú Uilíoch um Éagsúlacht Chultúir (2001), An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (1992), Cairt an AE um Chearta Bunúsacha (2000), Coinbhinsiún Mheiriceá um Chearta an Duine (1969), Coinbhinsiún na hAfraice um Chearta Daonna agus Chearta an Duine (1981) agus Dearbhú agus Ardán Gnímh Bhéising (1995). Tá cáipéisí idirnáisiúnta neamhrialtasacha eile freisin ann a bhaineann leis na saincheisteanna sin, mar atá Dearbhú Uilíoch Barcelona um Chearta Teanga (1996) agus Cairt an Aigéin Chiúin um Chearta Daonna (1989).

Tá na hionstraimí agus na doiciméid seo ar fad tábhachtach agus an-úsáideach. Tá sé in am anois an chéad chéim eile a thógáil. Caithfear aitheantas a thabhairt d'éagsúlacht teanga an tsaoil ar bhealach soiléir agus éifeachtach. Braithimid, dá bhrí sin, go bhfuil gá le Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le hÉagsúlacht Teanga má tá cearta teanga le bheith ina mbunchearta éifeachtacha ag tús na Mílaoise nua. Tá breis agus 6,000 teanga ar domhan, ach tá go leor de na mionteangacha faoi bhrú ollmhór ó na mórtheangacha ó líon na gcainteoirí, cumais labhartha agus patrúin úsáide. Tá sé in am gníomhú ar son na héagsúlachta teanga. Tá *Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le hÉagsúlacht Teanga* ag teastáil go géar agus sin an fáth a bhfuil achainí á déanamh ar UNESCO. Tá na daoine a shínigh an litir seo ar fáil do UNESCO chun cúnamh teicniúil a chur ar fáil i dtaca leis an ábhar seo. Tá an achainí seo á cur againn chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, idir eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha, a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna a bhaineann le cearta teanga.